



Rewarding Learning

**General Certificate of Secondary Education
2024**

Irish

Unit 1: Listening

Higher Tier

[GIH12]

THURSDAY 23 MAY, MORNING

TRANSCRIPT

Audio 'beep' to precede each question

Questions 1 – 12 insert 7 and 12 second pauses

You will now be allowed 5 minutes to read through the paper, before the first question starts.

Pause 5 minutes

The five minute reading period has now finished and the examination will now begin. Please open your paper at question 1.

Read each question carefully. Complete your answer by listening to the recording and follow the instructions given in the question paper. You will hear each section twice.

1 Dialann an lae

Déanann teaghlach Úna cur síos ar an obair tí a dhéanann siad.

M (a) A Úna, an gcuidíonn tú sa teach?

F Cuidím, cinnte. Déanaim an folúsghlanadh gach deireadh seachtaine.

Pause 7 seconds and repeat

M (b) An ndéanann do dheartháir Stiofán obair an tí?

F Ní dhéanann sé mórán ach cuireann sé an bosca bruscair amach.

Pause 7 seconds and repeat

M (c) An gcuidíonn do dhaidí sa teach?

F Cuidíonn. Déanann seisean an chócaireacht. Is cócaire maith é.

Pause 7 seconds and repeat

M (d) Cad é a dhéanann do mhamáí sa teach?

F Caithfidh sí an smúdáil a dhéanamh mar níl duine ar bith eile sásta í a dhéanamh.

Pause 7 seconds and repeat

Pause 12 seconds

2 Mo theach

Tá Aoife ag cur síos ar a teach.

M (a) Cá bhfuil tú i do chónaí anois, a Aoife?

F Tá mé i mo chónaí thíos ag an trá. Siúlaim ar an trá gach lá.

Pause 7 seconds and repeat

M (b) Tá an t-ádh ort.

F Tá a fhios agam. Dúirt mo thuismitheoirí go raibh an teach daor ach is maith leo an ceantar.

Pause 7 seconds and repeat

M (c) An bhfuil rud ar bith in aice leat?

F Tá óstán nua cúig réalta in aice linn. Is maith liom bualadh le mo chara san óstán.

Pause 7 seconds and repeat

M (d) Tagann a lán daoine chuig an óstán sin.

F Chuala mé nach mbíonn sé furasta seomra leapa a fháil i mí Iúil agus i mí Lúnasa.

Pause 7 seconds and repeat

Pause 12 seconds

3 An spórt

Tá Liam ag cur síos ar chluiche peile.

F (a) Cad é a rinne tú ag an deireadh seachtaine, a Liam?

M Chuaigh mé chuig cluiche peile i nGlaschú.

F Cad é mar a bhí an cluiche?

M Millteanach ar fad mar níor bhain muid.

Pause 7 seconds and repeat

F (b) Cad é mar a bhí an turas abhaile?

M Bhí an turas fadálach. Bhí moill ar an bhád. Bhí a lán daoine air ach níor labhair duine ar bith.

Pause 7 seconds and repeat

F (c) Ar mhaith leat dul amach anocht?

M Níor mhaith. Tá mé ag titim i mo chodladh. Tá mé ag súil go mór le bheith i mo leaba.

Pause 7 seconds and repeat

Pause 12 seconds

4 An nuacht

Cluineann tú an nuacht áitiúil.

- M* (a) Deir na gardaí gur bhris daoine óga fuinneoga i Scoil Naomh Áine i nDún Geanainn aréir. Má tá eolas ag duine ar bith, cuir scairt ar na gardaí.

Pause 7 seconds and repeat

- M* (b) Beidh an bóthar nua ar imeall Iúr Cinn Trá réidh le hoscailt ag an Nollaig do bhusanna agus do charranna.

Pause 7 seconds and repeat

- M* (c) Anois, comhghairdeas leis na daoine atá ina gcónaí i Sráid Uí Néill i mBaile Monaidh. Fuair siad cúig chéad punt mar bhain siad an chéad áit sa chomórtas don tsráid is fearr sa cheantar.

Pause 7 seconds and repeat

- M* (d) Tá cuidiú de dhíth orainn Dé Sathairn seo chugainn. Tá muid ag dul a thabhairt amach béilí agus éadaí do na daoine ar na sráideanna i mBéal Feirste.

Pause 7 seconds and repeat

Pause 12 seconds

5 The wider environment

You hear an advertisement on the radio for places to visit.

- M* (a) Fan in Éirinn ar do laethanta saoire i mbliana. Tá sé furasta dul ó áit go háit; mar shampla, tá aerfort in Inis Ceithleann.

Pause 7 seconds and repeat

- M* (b) Má tá suim agat sa stair, gabh chuig Doire.

Siúil thart ar na ballaí i nDoire. Nuair a amharcann tú ar na ballaí, feiceann tú stair na cathrach.

Pause 7 seconds and repeat

- M* (c) An bhfuil suim agat sa drámaíocht?

Gabh chuig amharclann i mBéal Feirste. Tá cúpla amharclann i lár na cathrach.

Pause 7 seconds and repeat

- M* (d) An fearr leat a bheith amuigh faoin aer?

Gabh chuig an Chaisleán Nua i gContae an Dúin. Gabh amach ag spaisteoireacht sna sléibhte. Tá siad galánta.

Pause 7 seconds and repeat

- M* (e) An maith leat an t-atmaisféar i mBaile Átha Cliath?

Gabh chuig Sráid Uí Chonaill. Tá a lán le feiceáil ansin, Ard-Oifig an Phoist, mar shampla.

Pause 7 seconds and repeat

Pause 12 seconds

6 My local area

Pól talks about facilities in his town.

- M* (a) Tá an-dúil agam i mo cheantar mar tá a lán áiseanna ann. Tá clós súgartha againn sa cheantar agus is maith liom a bheith ag súgradh le mo dheartháir ansin.

Pause 7 seconds and repeat

- M* (b) Téann mo dheirfiúr Eibhlín amach ag rith gach maidin. Is maith léi an raon reatha atá in aice linn.

Pause 7 seconds and repeat

- M* (c) Is maith le mo mhamaí siopadóireacht a dhéanamh. Téann sí chuig an ollmhargadh go minic.

Pause 7 seconds and repeat

- M* (d) Is fear mór spóirt é mo dhaidí. Is maith leis dul chuig an tsólann.

Pause 7 seconds and repeat

Pause 12 seconds

7 Work experience

Four friends talk about their work experience.

F (a) Ar thaitin an taithí oibre leat, a Chiaráin?

M Níor thaitin. Bhí mé in oifig fiaclóra. Bhí an fiaclóir deas ach níor fhoghlaim mé rud ar bith.

Pause 7 seconds and repeat

F (b) Ar thaitin an taithí oibre leat, a Oisín?

M Thaitin. Bhí mé ag obair ag an stáisiún dóiteáin. Caithfidh tú a bheith láidir mar tá an obair trom.

Pause 7 seconds and repeat

F (c) Ar thaitin an taithí oibre leat, a Pheadair?

M Níor thaitin. Bhí mé ag obair leis na páistí óga ar an bhunscoil agus is duine mífhoighneach mé.

Pause 7 seconds and repeat

F (d) Ar thaitin an taithí oibre leat, a Mharcais?

M Thaitin cinnte. Bhí mé ag obair le grúpa aisteoirí. Bhí an obair suimiúil ach caithfidh féinmhuinín a bheith agat.

Pause 7 seconds and repeat

Pause 12 seconds

8 Social media

Órlaith and Seán talk about what they do online.

M (a) An bhfuil ríomhaire glúine agat, a Órlaith?

F Tá ríomhaire amháin againn sa tseomra suí agus baineann gach duine úsáid as ansin.

M Cén cineál rudaí a dhéanann tú ar an ríomhaire?

F Déanaim cuid mhaith air. Síleann mo thuismitheoirí gur maith an rud é dul ar líne le hobair a dhéanamh, ach deir siad go gcaithim barraíocht ama ag scimeáil ar an idirlíon. Tá eolas ar líne ar gach rud ach ná creid gach rud. Tá cuid mhór den eolas gan mhaith.

Pause 7 seconds and repeat

F (b) An maith leatsa am a chaitheamh ar líne, a Sheáin?

M Téim ar líne ag an deireadh seachtaine. Is maith liom scannáin a íoslódáil agus nuair a amharcaim orthu déanaim dearmad ar na rudaí a chuireann inní orm.

Ní chuirim féin eolas pearsanta ar líne ach caithfidh mé a rá go n-amharcaim ar na grianghraif a chuireann mo chairde suas.

Pause 7 seconds and repeat

Pause 12 seconds

9 Celebrations

Gearóid and Róisín talk about their favourite time of year.

M (a) A Róisín, cén fhéile den bhliain is fearr leat?

F Is fearr liom Oíche Shamhna gan dabht. Is maith liom an chraic agus an bia.

Pause 7 seconds and repeat

M (b) Tuigim. Is breá liom an taispeántas tinte ealaíne a bhíonn againn gach bliain. Bíonn na dathanna galánta. Tagann na comharsana uilig leis an taispeántas a fheiceáil.

Pause 7 seconds and repeat

F (c) An mbeidh tú ag dul ó dhoras go doras i mbliana, a Ghearóid?

M Níl a fhios agam go fóill. Braitheann sé ar réamhaisnéis na haimsire.

Pause 7 seconds and repeat

Pause 12 seconds

10 Shopping

You hear Pádraig in a shop.

F (a) An dtig liom cuidiú leat?

M Thig. Ba mhaith liom bronntanas speisialta a cheannach do mo chol ceathair.

Pause 7 seconds and repeat

F (b) Cad é an ócáid?

M Gealltanas pósta.

Pause 7 seconds and repeat

F (c) Agus an bhfuil a fhios agat cad é ba mhaith leat a cheannach?

M Bhí sé ar intinn agam scáthán a cheannach, ach níl mé cinnte.

Pause 7 seconds and repeat

F (d) Tuigim. Is féidir leat dearbhán a cheannach. Is fearr liom dearbhán a thabhairt do dhaoine agus is féidir leo a rogha rud a fháil.

M Is smaoineamh maith é sin.

Pause 7 seconds and repeat

F (e) Tá sé iontach praiticiúil.

M Tá an ceart agat. Feicfidh mé i mBaile Átha Cliath oíche Dé hAoine iad.

F Cad é a dhéanfaidh sibh ann?

M Beidh béile mór ann dóibh.

Pause 7 seconds and repeat

F (f) Tá na dearbháin ar fáil thuas staighre sa tsiopa.

M Maith go leor, go raibh maith agat.

Pause 7 seconds and repeat

Pause 12 seconds

11 A trip

Máire talks about her trip.

M (a) A Mháire, ní fhaca mé tú ag an Nollaig.

F Ní raibh mé sa bhaile. Bhí mé ag obair go crua agus bhí sos de dhíth orm. Thug mé cuairt ar mo dheirfiúr atá ina cónaí i Londain.

Pause 7 seconds and repeat

M (b) Cad é mar a bhí Londain?

F Is cathair mhór thurasóireachta í agus bíonn neart le feiceáil, ach bhí mé sásta am a chaitheamh sa teach le mo dheirfiúr. Lig muid ár scíth le chéile.

Pause 7 seconds and repeat

M (c) Cad é mar a bhí an aimsir?

F Ní raibh an aimsir go maith ach níor chaith muid mórán ama taobh amuigh. Bhí sé iontach fliuch ach bhí cóta fearthainne liom agus níor chuir an aimsir isteach ar an turas.

Pause 7 seconds and repeat

Pause 12 seconds

12 Health

Cathal and Nóra talk about healthy lifestyles.

F (a) Léigh mé i bpáipéar nuachta gurb é murtall an fhadhb is mó atá againn inniu. Tá cuid mhaith daoine ramhar sa tír seo.

M Murtall. Ní raibh a fhios sin agam.

Pause 7 seconds and repeat

F (b) Sea. Bhí iontas orm.

M Deir dochtúirí go bhfuil sé iontach tábhachtach meáchan sláintiúil a bheith agat.

Pause 7 seconds and repeat

F (c) Déanaim mo dhícheall gan bia friochta a ithe.

M Maith thú. Déanaim iarracht gan sneaiceanna a ithe ach bíonn ocras orm i gcónaí.

Pause 7 seconds and repeat

F (d) Nuair a thagann ocras orm is maith liom cnónna a ithe.

M Is fuath liom cnónna ach tugann siad fuinneamh duit.

Pause 7 seconds and repeat

F (e) Bíonn fuinneamh de dhíth orm mar téim ag dreapadóireacht go minic.

M Ní raibh a fhios agam go raibh suim agat sa dreapadóireacht.

Pause 7 seconds and repeat

F (f) Codlaím go maith i ndiaidh dom dul ag dreapadóireacht.

M Is maith sin mar cuireann easpa codlata le fadhbanna sláinte.

Pause 7 seconds and repeat

Pause 12 seconds

This is the end of the recording.